

CAIBIDIL 17

GLOINE DHAITE

Ní le linn na tréimhse Gotaí a tosaíodh ar fhuinneoga daite a dhéanamh, bhí siad in úsáid i bhfad roimhe sin. Ach le teacht ardeaglaisí ollmhóra na ré sin d'fhorbair na fuinneoga ina mballaí geala ildaite. Nuair a dhoirt solas na gréine isteach trí ghloine ornáideach na bhfuinneog, líonadh an eaglais le dathanna. Cruthaíodh an solas mósáic mhór mhaiseach as na dathanna céanna agus ba gheall le brat rúibíní, smaragaidí agus óir é ar urlár na hardeaglaise agus solas Dé ina luí ar chinn chromtha na bhfiréan.

Ní fios go cinnte cá huair ná cá háit ar ceapadh teicníc na gloine daite. Tá seans ann gur ón Oirthear a tháinig sí agus gur fhorbair sí as ceird na seodóireachta agus as na mósáicí. I mainistir Saint Denis a cíoradh na féidearthachtaí a bhain léi go mion ar dtús. Thug an tAb Suger ceardaithe isteach chun an obair a dhéanamh. Choinnigh sé dialann agus tugann sé le fios ann gur chreid sé go dtabharfadh áilleacht na bhfuinneog anam an duine níos gaire do Dhia.

Fuinneog de ghloine dhaite a dhéanamh

An cur chuige chun fuinneoga daite a dhéanamh, is é an cur chuige céanna atá in úsáid ó bhí aimsir na méanaoiseanna ann, a bheag nó a mhór.

Céim 1: Déanann an t-ealaíontóir gréasán beag daite. Ansin, déantar léaráid lánmhéide ar a dtugtar cartún, ar pháipéar agus léirítear na stiallacha luaidhe inti (féach céim 3). Sna méanaoiseanna, ba ghnách an cartún a tharraingt ar chláir nó bord aoidaite. Ansin gearrtar na píosaí gloine (geal nó daite) de réir na gcruthanna sa léaráid agus leagtar ina n-áiteanna ar an gcartún iad.


Céim 2: Úsáidtear péint chruain dhubh nó dhonn le mionghnéithe agus uigeacht a léiriú. Ansin bÁCáiltear an ghloine sa mhufaláith leis an bpéint a dhaingniú.

Céim 3: Úsáidtear stiallacha luaidhe, bíonn siad ansolúbtha agus bíonn trasghearrthacha éagsúla ar fáil.

Céim 4: Leagtar an ghloine phéinteáilte ar ais ar an gcartún ansin, múnlaítear na stiallacha luaidhe timpeall ar na píosaí gloine agus gearrtar sa mhéid ceart iad.

Céim 5: Nuair a bhíonn fuinneoga móra i gceist, cuirtear barraí iarainn sna frámaí. Ceanglaítear na barraí den luaidhe chun na fuinneoga a dhaingniú agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh i gcoinne bhrú na gaoithe.

Céim 6: Déantar na hailt sa luaidh a shádráil.





FÍOR 17.1 Fuinneoga daite, Chartres

Gloine dhaite Chartres

Rinneadh na fuinneoga in Ardeaglais Chartres (fíor 17.1) chomh luath leis na 1140idí. Tá siad i measc na bhfuinneog is sine, is fairsinge agus is áille san Eoraip. Is ann atá ceann de na bailiúcháin is iomláine ar domhan de ghloine dhaite na meánaoiseanna agus is neamhchoitianta an rud é go maireann an méid sin díobh slán. Maireann 145 fuinneog fós as an 183 a bhí ann ar dtús. Tá éagsúlacht cruthanna orthu idir na trí fhuinneog chruinne (rósghuinneog) agus na fuinneoga arda caola (lansacha) i gcorp na heaglaise. Tá fuinneoga ollmhóra ornáideacha an ghléstoír go hard os a gcionn.

238

Rinneadh na fuinneoga de réir mar a bhí an eaglais á tógáil. Bhí lámh ag iliomad ealaíontóirí éagsúla san obair agus tá éagsúlacht le haithint sna stíleanna dá bharr sin. Dearadh an ardeaglais sa dóigh go mbeadh an oiread spáis agus ab fhéidir ann don ghloine dhaite. Ní foláir nó bhí an-rachmas ag Caibidil *Chartres* mar is cinnte gurbh iad na fuinneoga féin an chuid ba chostasáí den tógáil. Tugann inscríbhinní agus portráidí ar phainéil íochtair na bhfuinneog eolas dúinn faoi na daoine nó na grúpaí a d'íoc as gach ceann díobh. Tugann an t-eolas sin léargas dúinn ar na róil a bhí ag an teaghlach ríoga, ag na huaisle agus ag na gnáthcheardchualachtaí (báicéirí nó baincéirí mar shampla), ar chuidigh gach dream acu chun an ardeaglais mhaorga seo a mhaisiú.

Dúchan na gloine

Le himeacht na mblianta tagann screamh nó crústa dorcha, ar a dtugtar paitean, ar an ngloine. Imoibriú ceimiceach idir an gloine agus síonchaitheamh na haimsire is cúis leis an bpaitean sin. Mar thoradh air sin, éiríonn an taobh istigh den eaglais i bhfad níos dorcha. Le blianta beaga anuas, baineadh

na fuinneoga ceann ar cheann agus glanadh gach pána iontu go díograiseach. De bharr an phróisis, feiceann cuairteoirí an lae inniu an ardeaglais díreach mar a chonaic oilithrigh na meánaoiseanna í. Tuigeann siad iontas an tsolais dhaite agus é ag scaipeadh go niamhrach timpeall orthu mar a rinne an chéad lá.



FÍOR 17.2 Saol Naomh Márta ar fhuinneog, Chartres


Scéalta sa ghloine

Chuir an tAb Suger an tuairim chun cinn go bhféadfaí ghloine dhaite a úsáid mar mheán chun scéal a insint agus mar fhoinsé teagaisc don phobal a bhí gan léamh ná léann. Dá bhrí sin, tá scéal le haithris ag gach fuinneog san ardeaglais. Tá sé measartha furasta cuid de na fuinneoga a 'léamh', na cinn a bhfuil Íosa Críost agus Muire le feiceáil iontu, mar shampla. Cuid eile acu, bíonn scéalta na naomh le feiceáil orthu. Bhí cion ag an bpobal ar na naoimh agus tiomnaíodh fuinneog iomlán do naoimh áirithe. Mar shampla, insítear scéal ó shaol Naomh Mártan thar 33 painéal. Sa scéal sin, roinneann Naomh Mártan a chlóca le fear déirce atá préachta leis an bhfuacht agus tagann Íosa Críost chuige i mbrionglóid agus é gléasta sa chlóca céanna (fíor 17.2).

Tiomnaíodh fuinneoga do mhórlaochra na meánaoiseanna freisin. Mar shampla tá fuinneog an duine ag Roland de Roncesvalles agus ag Charlemagne, Impire Impireacht Bheannaithe na Róimhe. Ar an drochuair, ní léir dúinn anois an bhrí a bhain leis na saothair iontacha sin d'ealaín na meánaoiseanna. Tar éis an Reifirméisin, tháinig náire ar an Eaglais faoi sheanscéalta an phobail, agus cailleadh cuid de na scéalta ar fad. Bhí dearcadh eile ar an saol ag an nglúin nua.



Fíor 17.3 An Rósfhuinneog Thuaidh, Chartres



Fíor 17.4 An Rósfhuinneog Theas, Chartres

Níor thuig siad na scéalta a thuilleadh agus tá na tagairtí casta agus an siombalachas iontu ina rúndiamhair dúinne anois.

Na Rósfhuinneoga

Tá trí fhuinneog mhóra chruinne in Chartres a dtugtar rósfhuinneoga orthu de bharr a gcrutha. Tá siad le feiceáil os cionn an dorais ar an aghaidh thiar, agus os cionn na ndoirse ag an dá cheann den chrosalann. Tiomnaíodh an ceann thuaidh (fíor 17.3) do ghlóir na Maighdine agus tugann an ceann theas glóir d'Íosa Críost (fíor 17.4).

Fuinneog na Maighdine Goirme

Is í Fuinneog na Maighdine Goirme an ceann is cáiliúla in Chartres (fíor 17.5). Cumadh an deilbh mhór de Mhaighdean Chartres as ceithre phainéal de ghloine ghorm ar chúlra rúibíneach. Bhain an tsáreiseamláir seo de cheardaíocht an 12ú haois leis an tsean-ardeaglais a scriosadh sa dóiteán in 1194. Dála íomhánna na dealbhóireachta sa ré sin, léirítear an Mhaighdean mar bhanríon, agus a glúin ina ríchathaoir aici dá leanbh. Banríon na bhFlaitheas is ea í, agus na haingil mórtimpeall uirthi. Is í Banríon an Domhain seo í fosta, áfach, agus údarás aici ar na deamhain.

Gloine dhaite an 14ú haois

La Sainte Chapelle

Ba e Louis IX (Naomh Louis) a thóg eaglais La Sainte Chapelle i bPáras in 1246. Bhí clú agus cáil ar Louis mar phátrún ar na healaíona, agus thug sé lántacaíocht do chuid mhór den nuálaíocht san ealaín agus san ailtireacht Ghotach. Theastaigh



FÍOR 17.5 Maighdean Ghorm Chartres



FÍOR 17.6 La Sainte Chapelle, Páras

uidh go mbeadh La Sainte Chapelle críochnúil foirfe. Bhí taisé luachmhar le coinneáil inti – giota den choróin spíonta a cuireadh ar íosa le linn a chéasta.

Seod den ailtireacht Ghotach gathach is ea La Sainte Chapelle. Tá dhá shéipéal inti, ceann os cionn a chéile. Séipéal simplí is ea an ceann íochtarach, ba é séipéal an pharóiste é do ghnáthmhuintir an pháláis. Ach tá áit ar leith i measc séadchomharthaí Pháras ag an séipéal uachtarach ann de bharr a cuid fuinneog áláinn daite (fíor 17.7).

Na fuinneoga – an dath agus an solas

Nuair a bhí an séipéal á thógáil, úsáideadh a laghad agus ab fhéidir de thacaíocht struchtúrtha ar na ballaí seachtracha chun slí a dhéanamh do bhallaí iomlána d'fhuinneoga arda caola lansacha (fíor 17.8). Cruthaíonn na fuinneoga atmaisféar iontach d'áilleacht leochaileach, agus braitheann an cuairteoir amhail is go bhfuil sé á thumadh féin sna dathanna agus sa solas. Meascann na dathanna doimhne dearga agus gorma le chéile ina gceo corcra, cheapfá. Cruthaíonn sé sin cineál aontas idir na fuinneoga, ach fágann sé go mbíonn sé deacair

na radhairc aonair – a léirítear os cionn 1,130 duine ón mBíobla iontu – a dhéanamh amach.

Scríos le linn na Réabhlóide

Le linn Réabhlóid na Fraince, scriosadh an chórlann agus an troscán laistigh nuair a rinneadh oifigí den séipéal. Cuireadh comhadchaibinéid ollmhóra i gcoinne na bhfuinneog á gclúdach go hiomlán nach mór. Ach ar ámharáí an tsaoil chosain siad sin na fuinneoga ar an gcreachadóireacht.

Cuireadh an chuid is mó de na dealbha ón taobh istigh den eaglais ar stóras agus tarrtháladh arís iad níos déanaí (fíor 17.9). Ach scriosadh an dealbhóireacht ar an taobh amuigh den tiompán, leagadh spuaic na heaglaise, agus scaipeadh an chuid is mó de thaisí luachmhara Louis IX.

Rinneadh athchóiriú ar an séipéal idir 1837 agus 1838 nuair a réitíodh La Sainte Chapelle arís ina seanbhréathacht. Mhair roinnt giotaí de na taisí a coimeádadh ann agus coinnítear i dtaisce anois iad in Ardeaglais Notre Dame.


An ghloine dhaite sa 13ú haois

Bhí an-tionchar ag ceardlann ghloine dhaite Chartres sa 13ú haois ar an stíl Chotach, agus bhí an-oiliúint ar a cuid ceardaithe. D'fhéach siad chuige gur coinníodh deighilt idir na dathanna sa ghloine sa dóigh nár tháinig siad salach ar a chéile, nó nach mbeadh dath amháin báite ag dath eile. Faoin am a raibh Páras ina lárionad don ghloine dhaite timpeall 1240, áfach, bhí maolú ag teacht ar an díograis sin a bhain lena déanamh. Bhí an oiread sin gloine dhaite á déanamh gur tionscadal a bhí ann i ndáiríre agus níor bhain an dianchúram céanna le

caighdeán na ceardaíochta dá réir sin. Ba ghnách an mhóitíf chéanna a léiriú arís agus arís eile, agus, níos tábhachtaí ná sin, rinneadh cúram níos lú de na dathanna gorm agus dearg a scaradh sa dóigh go bhféadfadh dath amháin acu an ceann eile a bhá. Os a choinne sin, áfach, bhí ardmheas ag daoine ar an lí chorcairghorm a d'éirigh as an meascán. Go deimhin, ceapadh nath le cur síos ar fhíon maith a bhí bunaithe ar an lí sin: "fíon ar dhath na bhfuinneog san Sainte Chapelle".



FÍOR 17.7 Fuinneoga daite, Sainte Chapelle



FÍOR 17.8 An Rósfhuinneog, Sainte Chapelle



FÍOR 17.9 Dealbh La Sainte Chapelle

Críoch

Cé nárbh ábhar nua ealaíne í an ghloine dhaite, tugadh go mór chun cinn í sa ré Ghotach, agus baineadh ard-sofaisticiúlacht amach ina déanamh. Níl aon amhras ann ach gur thacaigh an "solas ó neamh" a líon na hardeaglaisí móra nua tríd na fuinneoga daite le coincheap an Ab Suger go n-ardódh áilleacht na healaíne anam an duine níos gaire do Dhia.

Ceisteanna

1. Cuir síos ar an bpróiseas chun fuinneog dhaite a dhéanamh.
2. Cé na gnéithe a bhaineann leis na fuinneoga in Ardeaglais Chartres a fhágann gur seoda de chuid na ré Gotaí iad?
3. Cen t-ainm a thugtar ar na fuinneoga arda rinneacha atá le fáil in Chartres agus in ardeaglaisí eile?
4. Cuir síos ar an dóigh ina léirítear scéal ar fhuinneog dhaite thipiciúil.
5. Tarraing pictiúr de rósfhuinneog in ardeaglais Ghotach.

Aiste

1. Pléigh an éifeacht atá ag na fuinneoga daite ar an taobh istigh d'Ardeaglais Chartres, agus cuir sin i gcomparáid leis an Sainte Chapelle i bPáras. Cuir na stíleanna sa dá shéipéal i gcomparáid agus tabhair gearrchuntas ar mhodhanna déanta na bhfuinneog daite.

Staidéar ar phictiúir dhaite

1. Scrúdaigh fuinneog na Maighdine Goirme in Ardeaglais Chartres (fíor 17.5) agus cuir síos go mion uirthi. Déan tagairt don dearadh iomlán, don téama, don chumadóireacht, agus don dóigh inar baineadh úsáid as na dathanna.